Aibreán

# ELeathanach 464

Aibreán

Dé Luain, an 15 Aibreán 2024

## Augusta

Bhuaigh Scottie Schaeffler an comórtas gailf 'US Masters' inné. Tá Scottie Schaeffler 27 bliain d'aois.

Bhuaigh sé $3,600,000. Bíonn an comórtas gailf seo ar siúl sa chlub gailf darb ainm 'Augusta'. Tá Augusta suite in Augusta, Georgia, i Meiriceá.

Tháinig Rory McIlroy sa dara háit is fiche sa chomórtas seo. Bhí an-díomá ar Rory. Is as Contae an Dúin dó. Tá sé 34 bliain d'aois. Tá sé pósta le Erica Stoll agus tá páiste amháin acu. Poppy is ainm di.



Bhí an-díomá ar Rory.

## *BioBeo Buzz*

Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoin mbithgheilleagar? Tá nuachtlitir mhíosúil foilsithe ag BioBeo.

*BioBeo Buzz* an t-ainm atá uirthi. Léifidh tú scéalta grinn, canfaidh tú amhráin, léifidh tú teangacha nua agus foghlaimeoidh tú faoin mbithgheilleagar.

Cad is bithgheilleagar ann….? Bhuel, léigh an chéad eagrán agus gheobhaidh tú an freagra!

Tá an nuachtlitir oiriúnach don phobal ar fad; do pháistí bunscoile, do pháistí iar-bhunscoile, do thuismitheoirí, do chaomhnóirí, do mhúinteoirí, do phríomhoidí agus don phobal áitiúil! Cláraigh anseo!

https://www.biobeo.eu/biobeo-buzz-newsletter/




## Na Sé Náisiún

Bhí na mná ag imirt rugbaí Dé Domhnaigh. D'imir Éire agus an Bhreatain Bheag.

Bhí an bua ag foireann na hÉireann. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire: 36, An Bhreatain Bheag: 5.

Scóráil Eve Higgins úd. Scóráil Aoife Wafer úd freisin. Ba í Aoife laoch na himeartha.

Bhí an cluiche ar siúl i gCorcaigh. Comhghairdeas leis na mná! Na mná abú!



Tá Eve Higgins le feiceáil sa ghrianghraf seo!

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta